An Roinn Oideachais
Department of Education

**Imlitir Uimhir 0038/2021**

# Scéim Deontais um Theagasc Baile 2021/2022

## Comhpháirt Oideachais Speisialta

## 1. Réamhrá

Tá faisnéis san Imlitir seo maidir leis an Scéim Deontais Teagasc Baile agus ba cheart d'iarratasóirí í a léamh go cúramach sula líonfaidh siad isteach an Fhoirm Iarratais ábhartha, HTSEN1 nó HTMED1.

Tá eolas san Imlitir ar:

- Cuspóir na Scéime
- Na critéir incháilitheachta faoi théarmaí na scéime
- Leithdháileadh uaireanta faoi théarmaí na scéime
- Critéir maidir le soláthar Cúnaimh Deontais (Riachtanais Cáilíochta agus Grinnfhiosrúcháin na dTeagascóirí)
- Cosaint Leanaí
- Nósanna Imeachta maidir le hÍocaíocht Deontais
- Eolas Ginearálta
- Fiosruithe agus achomhairc

Tá an imlitir seo, chomh maith leis an eolas ábhartha uile, ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne https://www.education.ie

## Príomhphointí na hImlitreach:

### I gCuid 2 leagtar amach cuspóir na Scéime um Theagasc Baile.

Is é cuspóir na Scéime um Theagasc Baile airgead a chur ar fáil chun seirbhís chúiteach oideachais a sholáthar do leanaí nach féidir leo dul ar scoil ar roinnt cúiseanna sonracha ar leith. Mar sin féin, ba cheart a nótáil freisin nach rogha mhalartach í an Scéim Deontais um Theagasc Baile ar áit a fháil i socrúchán scoile agus nach gcuirtear ar fáil ach i gcúinsí sainiúla, an-teoranta í.

### I gCuid 3 leagtar amach na critéir incháilitheachta faoi na 3 chatagóir sa scéim.

- Leanaí idir 2.5 agus 3 bliana d'aois a diagnóisíodh go bhfuil uathachas orthu.
- Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhfuil socrúchán oideachais á lorg acu i scoil aitheanta.
- Scoláirí a bhfuil riocht suntasach míochaine orthu, nó fóibe scoile agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar a chuir isteach go mór ar thinreamh scoile agus is dócha a chuirfidh isteach go mór ar an tinreamh scoile san am atá le teacht.

### I gCuid 4 leagtar amach na huaireanta atá leithdháilte faoi gach catagóir.

- Ba cheart d'iarratasóirí líon na n-uaireanta atá leithdháilte faoi gach catagóir a nótáil.
- Ba cheart d'iarratasóirí a nótáil freisin go ndéanfar leithdháiltí do shiblíní ar bhonn comhcheangailte de ghnáth.

### I gCuid 5 leagtar amach na critéir chun Cúnamh Deontais a sholáthar faoin Scéim, lena n-áirítear na ceangaltais cháilíochta, clárúcháin agus grinnfhiosrúcháin do sholáthraithe teagaisc.

- Coinníoll de chuid na Scéime is ea go mbeidh teagascóirí cáilithe san earnáil oideachais ábhartha agus go mbeidh siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh thréimhse an teagaisc cheadaithe, suas go dtí eisiúint na híocaíochta deiridh agus an íocaíocht sin san áireamh.
- Sa chás nach féidir le hiarratasóir teacht ar mhúinteoir atá cáilithe go hiomlán féadfaidh an Roinn cead a thabhairt chun duine a earcú atá cláraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann agus a bhfuil bunchéim aige nó aici (leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i réimse atá ábhartha.
- Ní mór don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar gach teagascóir trí phróiseas grinnfhiosrúcháin ar líne Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann, sula gcuirfear tús le soláthar an teagaisc.

- Ní mór do na teagascóirí uile Cuid 4, Foirm Ghealltanais agus Dearbhú Reachtúil comhlánaithe a chur isteach.
- Níl cead ag Tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla feidhmiú mar theagascóirí dá leanaí féin faoin Scéim.

**I gCuid 6 tugtar eolas maidir le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí.**

**I gCuid 7 tugtar eolas maidir le Covid-19.**

**I gCuid 8 tugtar eolas maidir le híocaíocht an Deontais um Theagasc Baile.**

- Tá nóta eolais mionsonraithe faoi chúrsaí íocaíochta ar fáil ar https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí
- Ba chóir a nótáil nach ndéanfar maoiniú um theagasc baile a shiardhátú.

**I gcuid 9 tugtar Eolas Ginearálta i dtaca leis an scéim.**

**Ba chóir d'iarratasóirí na nithe seo a leanas a nótáil:**

- Déanfar an t-eolas a sholáthrófar a chomhroinnt idir Ranna Rialtais éagsúla agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta de réir mar is gá.
- Ní féidir uaireanta nár úsáideadh i seachtain amháin a aistriú go seachtain eile.
- Is ar an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil atá an fhreagracht as socrúchán scoile a lorg agus an leanbh a chlárú le scoil.
- Sa chás gur theip ar thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil leanbh a chlárú i socrúchán scoile atá ainmnithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), ní chuirfear deontas um Theagasc Baile ar fáil.
- Is é an ról atá ag an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) a dheimhniú go gcomhlíonann an leanbh na critéir incháilitheachta, i gcomhthéacs na Scéime Deontais um Theagasc Baile.
- Más mian le tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla é, féadfaidh siad a bheith páirteach i socrú grúpa nua le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla leanaí eile a bhfuil teagasc baile ceadaithe ina leith nó páirt a ghlacadh i socrú grúpa más rud é go bhfuil comhaontú reatha déanta leis an Roinn maidir leis. Ní hé ról na Roinne, áfach, soláthar dá leithéid a chur ar bun. Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla na socruithe sin a fhoinsiú agus a sholáthar.

- Ní mór do scoláirí atá ag gabháil don staidéar ar ábhair do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit a léamh go cúramach maidir le hobair chúrsa phraiticiúil. Mura gcomhlíontar riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit, b’fhéidir nach mbeadh an scoláire in ann na marcanna go léir atá ar fáil don ábhar a bhaint amach.

**I gCuid 10 tugtar Sonraí Teagmhála d’fhiosruithe agus achomhairc i dtaca leis an scéim.**

## 1. Réamhrá

Tá **foirm iarratais HTSEN1** le comhlánú do leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus atá ag lorg socrúcháin oideachais nó do leanaí idir 2.5 agus 3 bliana d'aois a diagnóisíodh go bhfuil Neamhord Speictrim Uathachais (NSU) orthu. Tá **foirm iarratais HTMED1** le comhlánú do scoláirí le comhlánú do scoláirí a bhfuil riocht suntasach leighis nó fóibe scoile ag cur as dóibh agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar.

## Ráiteas Príobháideachais

Déanann an Roinn Oideachais agus Scileanna, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, soláthar don oideachas agus oiliúint do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa Stát ar leibhéal atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais agus ar chumas na ndaoine sin. Is é an príomhchuspóir atá ag an Roinn nuair a éilíonn sí na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ná chun incháilitheacht i leith na Scéime Deontais um Theagasc Baile a chinneadh. Féadfar na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil a roinnt le FSS, TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA), an Roinn Oideachais (SNSO san áireamh), na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí chun cinneadh a dhéanamh faoi incháilitheacht i leith na Scéime Deontais um Theagasc Baile, chun íocaíochtaí agus asbhaintí reachtúla a phróiseáil, chun a chinntiú nach ndéantar aon mhaoiniú a dhúbailt agus chun críocha staitistiúla. Is féidir teacht ar an bhFógra Príobháideachais ina dtugtar tuilleadh eolais i dtaca leis an Scéim seo ag https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/rgcs-gdpr-fograi-priobhaideachta/#tuismitheoiri-agus-leanai-lena-n-airitear-mic-leinn-reamhscoile-bunscoile-agus-iar-bhunscoile.

Tá na sonraí ar fad faoi pholasaí Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta nó sonraí do linbh, chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí, ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/rgcs-gdpr-fograi-priobhaideachta/

Tá mionsonraí faoin bpolasaí seo ar fáil i gcóip chrua ach iad a iarraidh ón seoladh atá luaite ar leathanach 22.

## 2. Cuspóir na scéime

Is é cuspóir na Scéime Deontais um Theagasc Baile seirbhís chúiteach oideachais a sholáthar maidir le

(a) Luath-idirghabháil oideachais do leanaí a bhfuil uathachas ag gabháil dóibh a chomhlíonann critéir incháilitheachta na scéime
(b) Scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ag lorg socrúcháin oideachais i scoil aitheanta
(c) Scoláirí, atá cláraithe i scoileanna, agus a bhfuil riocht suntasach leighis ag gabháil dóibh, nó fóibe scoile agus/nó dúlagar/imní gaolmhar, a chuir isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil, agus ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh ag cur isteach air.

Is é an cur chuige is fearr ná oideachas a chur ar leanaí i suíomhanna scoile ina bhféadfaidh rochtain a bheith ag leanaí ar mhúinteoirí láncháilithe, ar chláir oideachais a bheidh saincheaptha don duine aonair, ar chúntóirí riachtanas speisialta, ar an gcuraclam scoile ina bhfuil an rogha, más féidir agus más cuí, d'imeascadh go hiomlán nó i bpáirt lena bpiaraí scoláirí agus idirghníomhaíocht a bheith acu leo. Dá bhrí sin, cuirtear Teagasc Baile ar fáil mar bheart eatramhach amháin do leanaí nach bhfuil socrúchán ar fáil dóibh i scoil aitheanta faoi láthair agus níor chóir breathnú air mar rogha mhalartach ar shocrúchán scoile.

## 3. Na critéir incháilitheachta faoi théarmaí na scéime

### Catagóir (a) Luath-Idirghabháil do Leanaí a bhfuil NSU ag gabháil dóibh (a ndearnadh measúnú orthu go bhfuil Neamhord Speictrim Uathachais orthu bunaithe ar chritéir DSM V nó ICD 10)

(1) Leanaí idir 2.5 agus 3 bliana d'aois ar tugadh diagnóis NSU ina leith.

(2) Leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois ar tugadh diagnóis NSU ina leith agus nach bhfuil socrúchán luath-idirghabhála ar fáil dóibh faoi láthair, faoi mar atá dearbhaithe ag an CNOS.
(3) Leanaí os cionn 4 bliana d'aois ar diagnóisíodh go bhfuil NSU orthu agus ar moladh go mbeadh socrúchán luath-idirghabhála acu (nach sroichfidh 6 bliana d'aois i rith na scoilbhliana 2021/22) agus nach bhfuil socrúchán luath-idirghabhála ar fáil dóibh faoi láthair, mar atá deimhnithe ag an CNOS.

Ba cheart don iarratasóir agus don Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) Cuid 2 (A) den fhoirm iarratais HTSEN1 a chomhlánú do leanaí idir 2.5 agus 3 bliana d'aois.
Ba cheart don iarratasóir agus don ERSO Cuid 2 (B) den fhoirm iarratais HTSEN1 a chomhlánú do leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois agus leanaí os cionn 4 bliana d'aois ar moladh do gcuirfí socrúchán luath-idirghabhála ar fáil dóibh.

Luath-Idirghabháil

Tacaíonn an Stát le luath-idirghabháil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí mhaoiniú a sholáthar do roinnt socrúchán i gcreiseanna nó i suíomhanna luathbhlianta lena n-áirítear:

- Ranganna Luath-Idirghabhála i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta
- Suíomhanna Luath-Idirghabhála a reáchtáil ag soláthraithe seirbhíse a fhaigheann maoiniú ó FSS
- Suíomhanna luathbhlianta a fhaigheann tacaíocht faoi Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) agus faoin tSamhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM)
- Suíomhanna luathbhlianta a dtugann FSS cúnamh deontais dóibh nó Cúntóir Réamhscoile a dtugann FSS deontas dó nó di.
- Scéim Deontais um Theagasc Baile do leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois a bhfuil diagnóis maidir le huathachas déanta fúthu sa chás nach bhfuil suíomh Luath-idirghabhála ar fáil

I gcúinsí áirithe féadfar forlíonadh a dhéanamh leis an deontas um Theagasc Baile ar fhreastal i socrúchán luath-idirghabhála (seachas ranganna Luath-Idirghabhála i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta), más rud é nach bhfuil

socrúchán ar fáil i Rang Luath-idirghabhála. Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a dhearbhú cé acu an bhfuil a leanbh ag baint leasa as aon cheann de na scéimeanna atá luaithe thuas.

Má bhaineann leanbh leas as ceann de na scéimeanna tar éis don Iarratas ar dheontas do Theagasc Baile a bheith faofa, ní mór do na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla fógra a thabhairt don Roinn seo láithreach.
**Nótáil, le do thoil, gurb é 10 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine an líon uasta uaireanta ar féidir leas a bhaint astu faoi na scéimeanna thuas do leanaí idir 2½ agus3 bliana d'aois agus 20 uair an chloig sa tseachtain do leanaí os cionn 3 bliana d'aois.**

### Catagóir (b) Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus a bhfuil socrúchán scoile á lorg acu:

Is féidir le leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus atá 4 bliana d'aois agus níos sine, leas a bhaint as Teagasc Baile nuair nach bhfuil socrúchán scoile ar fáil mar atá deimhnithe ag an CNOS, tríd an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil.

Déanfaidh an CNOS measúnú ar infhaighteacht socrúcháin scoile ag féachaint don diagnóis ábhartha agus don tuarascáil ghairmiúil ábhartha, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Beart eatramhach is ea an Scéim Deontais um Theagasc Baile chun soláthar a dhéanamh don oideachas go dtí go mbeidh socrúchán oideachais ar fáil. Nuair a bheidh socrúchán scoile ar fáil, cuirfear deireadh leis an Deontas um Teagasc Baile.

Is féidir ceann díobh seo a leanas a bheith i gceist le socrúchán scoile:
- Áit i rang príomhshrutha i scoil phríomhshrutha.
- Áit i rang speisialta atá ceangailte le scoil phríomhshrutha.
- Áit i scoil speisialta.

Ba cheart don iarratasóir agus don ERSO Cuid 2 (C) den fhoirm iarratais HTSEN1 a chomhlánú.

### Catagóir (c) Scoláirí atá cláraithe i scoileanna, agus a bhfuil riocht suntasach leighis ag gabháil dóibh, nó fóibe scoile agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar, a chuir isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil, agus ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh ag cur isteach ar a bhfreastal.

Déantar measúnú ar incháilitheacht ag féachaint do na critéir seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh

- Leibhéil freastail an scoláire i rith na scoilbhliana roimhe sin.
- Tuairisc ghairmiúil nó mhíochaine ábhartha - is féidir tuairisc ar leith a iarraidh i gcásanna áirithe más gá.

Ní chuirfear Teagasc Baile ar fáil mar gheall ar dhúnadh éigeandála na scoileanna amháin.

### Scoláirí le riosca an-ard (fíor-shoghonta) nach féidir leo filleadh ar an scoil mar gheall ar Covid-19

D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta do roinnt scoláirí filleadh ar an scoil toisc go léiríonn na treoirlínte ábhartha sláinte poiblí go bhfuil siad in ardriosca nó fíor-shoghonta.

Is ar an scoil ina bhfuil siad cláraithe atá an fhreagracht fhoriomlán maidir lena chinntiú go bhfaighidh scoláirí an tacaíocht chuí le gabháil don fhoghlaim mar is cuí.
Tá treoir eisithe chuig bunscoileanna agus iarbhunscoileanna chun tacú le scoileanna agus chun socruithe a chur ar bun do scoláirí dá leithéid.

Ba cheart do thuismitheoirí leanaí atá in ardriosca de bharr Covid-19 teagmháil a dhéanamh lena scoil ionas gur féidir socruithe a dhéanamh le tacaíocht a thabhairt dá leanbh.

### Fóibe Scoile agus neamhoird imní ghaolmhara

I **gcásanna eisceachtúla** breithneoidh an Roinn iarratais ar theagasc baile i gcás scoláirí a bhfuil diagnóis déanta orthu maidir le fóibe scoile agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar **a chuir isteach, agus ar dócha go leanfaidh sí ar aghaidh ag cur isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil**. Ní bheidh feidhm ag an eisceacht seo ach amháin nuair a bhíonn neamhláithreacht leanúnach ón scoil ag teastáil chun idirghabháil leighis nó theiripeach chuí a éascú ionas go mbeidh an scoláire in ann páirt a ghlacadh sa scoil arís.

Maidir le hiarratais i leith scoláirí a bhfuil diagnóis déanta orthu maidir le fóibe scoile agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar, beidh feidhm leis an bprionsabal nach féidir Teagasc Baile a sholáthar mar mhalairt ar scoil.

Déantar measúnú ar incháilitheacht i gcásanna eisceachtúla ag féachaint do na critéir seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Leibhéil freastail an scoláire i rith na scoilbhliana roimhe sin.
- Tuarascáil an tsíceolaí / an tsíciatraí inar chóir
    i. diagnóis faoi fhóibe scoile agus / nó dúlagar nó imní gaolmhar a dheimhniú go soiléir.
    ii. sonraí a thabhairt faoi phleananna idirghabhála leighis nó teiripeacha atá i bhfeidhm d'fhonn an scoláire a ath-imeascadh ina scoil féin.
- Sonraí faoi theagmháil leis na gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha (m.sh. Scoil, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), Oifigeach Leasa Oideachais (EWO), Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CAMHS), TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), FSS, CNOS).

**Nóta: Ní hé ról na ngairmithe a dhéanann diagnóiseanna Teagasc Baile a mholadh mar mhalairt ar scoil. Ní chuirfear moltaí den sórt sin san áireamh agus iarratas á chinneadh.**

Ba cheart do Phríomhoide na scoile agus don chleachtóir leighis Cuid 2(A) den fhoirm iarratais HTMED1 a chomhlánú do scoláirí a bhfuil riocht suntasach leighis orthu.
Ba cheart do Phríomhoide na scoile Cuid 2 (B) den fhoirm iarratais HTMED1 a chomhlánú agus ba cheart go gcuirfeadh síceolaí/síciatraí an scoláire tuairisc ar fáil.

Tá Treoir Dea-Chleachtais FSS/SNSO maidir le diúltú scoile ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/en/publication/3fe6e-school-refusal/

## 4. Leithdháileadh uaireanta faoi théarmaí na Scéime

### (a) Leanaí idir 2.5 agus 3 bliana d'aois (a ndearnadh measúnú orthu go bhfuil Neamhord Speictrim Uathachais orthu bunaithe ar chritéir DSM V nó ICD 10).

Tá an deontas uasta do theagasc baile do leanaí suas le 3 bliana d'aois a bhfuil NSU orthu bunaithe ar 10 n-uair an chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine faoi réir ag an bhféilire scoile cuí.

### (b) Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus a bhfuil socrúchán scoile á lorg acu

Tá an deontas uasta do theagasc baile do leanaí atá ag feitheamh ar shocrúchán bunaithe ar 20 uair an chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine faoi réir ag an bhféilire scoile cuí. Sa chás go bhfuil leanbh ag freastal ar shuíomh luath-idirghabhála nó ar shuíomh príobháideach réamhscoile (féach cuid 3a thuas), is iad na huaireanta teagaisc baile a dháilfear an difríocht idir na huaireanta a cheadaítear sa suíomh réamhscoile nó luath-idirghabhála agus na huaireanta uasta um theagasc baile a mbeadh an leanbh incháilithe le fáil sa ghnáthchúrsa faoi théarmaí na Scéime seo.

Faoin Scéim, i gcásanna áirithe agus i gcás gur cuí, ag féachaint do na critéir, féadtar síneadh a chur leis an Teagasc Baile go deireadh mhí Iúil.

### (c) Scoláirí atá cláraithe i scoileanna, agus a bhfuil riocht suntasach leighis ag gabháil dóibh, nó fóibe scoile agus/nó dúlagar nó imní gaolmhar, a chuir isteach go mór ar a bhfreastal ar scoil, agus ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh ag cur isteach ar a bhfreastal.

De ghnáth féadfar cúnamh deontais idir 2 uair agus 10 n-uair an chloig teagaisc a cheadú sa chaoi go mbeidh an leithdháileadh ag teacht le leibhéal an tinrimh sa scoilbhliain roimhe agus cibé an raibh an tinreamh ar leibhéal na bunscoile nó na hiar-bhunscoile. Mar threoir ghinearálta, féadfar suas le 5 uair an chloig a leithdháileadh ar leanaí atá ar leibhéal na bunscoile agus féadfar idir 2 uair agus 10 n-uair an chloig a leithdháileadh ar scoláirí ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

### Leithdháileadh uaireanta do shiblíní

Beidh na leithdháiltí uile ar shiblíní ag teacht le prionsabal grúpála na scoile i.e. más rud é, mar thoradh ar an gcóimheas idir scoláirí agus múinteoir i suíomhanna scoile go bhféadfar múinteoir amháin a leithdháileadh ar rang ina bhfuil seisear scoláirí le leanaí d'aoiseanna éagsúla agus de chumas difriúil ar an leibhéal cuí oideachais (i.e. leibhéal na bunscoile nó na hiar-bhunscoile).

Samhlaítear go mbeidh sé de chumas ar Theagascóirí Baile teagasc a fhorbairt agus a chur ar fáil i dtimpeallacht ina bhfuil leanaí eile. Mar sin féin, aithníonn an Roinn go bhféadfadh sé a bheith deacair freastal ar riachtanais dhifreáilte shuntasacha oideachasúla roinnt siblíní trí chur chuige difreáilte i leith an teagaisc sa bhaile. Chun soláthar a dhéanamh dó seo, deonaíonn an Roinn méadú i gcomhdháileadh na n-uaireanta do shiblíní ar an gcéad iarratas.

Breithneoidh an Roinn iarratais ar leithdháiltí ar leith a cheadú i gcás go n-eascraíonn cúinsí eisceachtúla a thabharfadh údar chun leithdháiltí ar leithligh a thabhairt do shiblíní.

## 5. Critéir maidir le Cúnamh Deontais a Sholáthar

### Cáilíochtaí soláthraithe teagaisc

Toisc go gcuirtear an teagasc ar fáil lasmuigh den ghnáthstruchtúr scoile tá sé tábhachtach go mbeadh teagascóirí baile cáilithe chun clár oideachais a sholáthar. Dá réir sin, tá sé ar cheann de choinníollacha na Scéime nach mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla **teagascóir a earcú atá cáilithe san earnáil ina**

**bhfuil an teagasc á sholáthar, agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar feadh tréimhse an teagaisc cheadaithe, suas go dtí eisiúint na híocaíochta deiridh, agus an íocaíocht sin san áireamh.**

I gcás ina dteipeann ar gach iarracht múinteoir atá cáilithe chun dul i mbun teagaisc san earnáil i dtrácht a earcú, féadfaidh an Roinn machnamh a dhéanamh ar dhuine a earcú atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus a bhfuil bunchéim aige nó aici (ar leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i réimse ábhartha, m.sh. an tSíceolaíocht.

Ceann de riachtanais na Scéime is ea nach mór do Theagascóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta chun a gcuid sonraí a chur ar fáil ar an gComhéadan Pámháistir trí shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, chun go bhféadfaidh an Roinn seo a dheimhniú go bhfuil clárú reatha ag múinteoirí. Is féidir an áis seo a chumasú sa chuid 'Mo Chlárú' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Mhúinteoireachta www.teachingcouncil.ie.

D'fhonn a bheith incháilithe chun an ráta íocaíochta cáilithe a fháil, ní mór do theagascóir a bheith cláraithe agus aitheanta ag an gComhairle Múinteoireachta san earnáil ina bhfuil an teagasc á chur ar fáil. Maidir le teagascóirí, atá ar scor, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus atá ag fáil íocaíochtaí pinsin na seirbhíse poiblí, íocfar iad ar an ráta mionathraithe - Féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí.

I gcás ina bhféachann teagascóir le Teagasc Baile a sholáthar do bheirt leanaí nó níos mó, beidh sé riachtanach amchlár a sholáthar ina bhfuil cur síos ar na huaireanta a chuirfear ar fáil sular féidir cead a thabhairt chun tús a chur leis an teagasc.

Is ar an tuismitheoir/caomhnóirí dlíthiúil atá an fhreagracht teagascóir a aimsiú a luaithe agus is féidir sa chaoi is go bhféadfaidh an teagascóir iarratais ar chlárú/ghrinnfhiosrú a dhéanamh ar an gComhairle Mhúinteoireachta más gá. Ní choinníonn an Roinn seo liostaí de theagascóirí atá ar fáil chun Teagasc Baile a thabhairt. B'fhéidir gur chabhair é dul i dteagmháil le scoileanna áitiúla ar an gcéad dul

síos, nó mar mhalairt air sin, tá a fhios ag an Roinn go mbaineann go leor tuismitheoirí úsáid as suíomhanna gréasáin faoi sholáthraithe oideachais chun fógraí a chur do theagascóirí nó go deimhin fógraí a chur i nuachtáin áitiúla nó ar chláir fógraí siopaí nó pobail.

## Níl cead ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí Dlíthiúla feidhmiú mar theagascóirí dá leanaí faoin scéim.

**Níor cheart tús a chur le Teagasc Baile go dtí go bhfaighidh an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil an litir cheadaithe ag deimhniú dáta tosaithe an teagaisc, agus ag deimhniú go bhfuil cáilíochtaí agus aithint an teagascóra/na dteagascóirí ceadaithe go foirmiúil i scríbhinn ag an Roinn.**

Níl múinteoir atá ag baint leas as saoire cheadaithe íoctha nó neamhíoctha óna f(h)ostaíocht incháilithe chun Teagasc Baile a sholáthar. Is féidir áfach múinteoir atá ar Shos Gairme nó ag roinnt poist a fhostú mar theagascóir don Scéim um Theagasc Baile.

Faoi théarmaí na Scéime Iasachta, níl sé ceadaithe don té atá ar iasacht a bheith fostaithe seachas leis an ósteagraíocht gan toiliú na hósteagraíochta, an fhostóra agus na Roinne/BOO.

Ní mór cead roimh ré nó ceadanna oibre cuí chun obair a dhéanamh sa stát seo a bheith ag múinteoirí nach saoránaigh Éireannacha, AE, LEE, nó Eilbhéiseacha iad sular féidir leo Teagasc Baile a sholáthar.

## Riachtanais Ghrinnfhiosrúcháin do Theagascóirí

Ní mór do gach teagascóir a bheith grinnfhiosraithe ag Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann sula dtosóidh siad ar sholáthar teagaisc.

- Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla iad féin a shásamh go bhfuil an próiseas seiceála comhlánaithe ag an teagascóir/na teagascóirí roghnaithe trí phróiseas seiceála ar líne na Comhairle Múinteoireachta.

- Ní mór grinnfhiosrúchán a bheith déanta ar gach teagascóir ag an gComhairle Mhúinteoireachta ón dáta ar a cuireadh chun feidhme na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, is é sin an 29 Aibreán 2016.

- Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe a iarraidh sa chás go bhfuil siad ag fostú teagascóra den chéad uair.

- I gcás inar fhostaigh an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil an teagascóir roimhe sin agus nár rinneadh grinnfhiosrúchán ar an teagascóir ón 29 Aibreán 2016, moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla breithniú an bhfuil grinnfhiosrúchán nua-eisithe riachtanach. Féadfar go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis na tosca a d'fhéadfadh an tuismitheoir nó an caomhnóir dlíthiúil a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil gá le grinnfhiosrúchán nua-eisithe:
    - Fad an ama ó fuarthas grinnfhiosrúchán roimhe sin.
    - Cé acu an bhfuil aon bhearnaí i stair fostaíochta/ghairme/oideachais an duine nár tugadh cuntas sásúil orthu.
    - Cé acu an bhfuil teistiméireachtaí cuimsitheacha curtha ar fáil maidir le tréimhsí fostaíochta roimhe seo.

  Ní liosta uileghabhálach é an méid thuas de na tosca a d'fhéadfadh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a chur san áireamh.

- Is ceart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a nótáil gur féidir le gach múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán trí shuíomh gréasáin Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Tá an próiseas saor in aisce agus féadfaidh sé idir 2 agus 4 seachtaine a thógáil.

- Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a dhearbhú go bhfuil grinnfhiosrúchán déanta ar theagascóirí, agus féachaint ar thoradh agus dáta an ghrinnfhiosrúcháin sin trí fhéachaint ar thoradh cuardaigh grinnfhiosrúcháin na dteagascóirí, ar a dtugtar Nochtadh Grinnfhiosrúcháin, ar féidir leis an teagascóir é a roinnt trí réiteach slán TF ar líne na Comhairle Múinteoireachta, ar a dtugtar Digitary.

- Ba chóir go dtuigfeadh tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nach soláthraíonn grinnfhiosrúchán imréiteach do theagascóirí chun oibriú le leanaí, ach soláthraíonn sé sonraí faoi aon taifead coiriúil agus/nó faisnéis shonraithe i leith an teagascóra lena mbaineann nó, i gcás nach bhfuil aon taifead coiriúil nó

faisnéis shonraithe i gceist, tugann sé é sin le fios. Is faoin tuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil lena mbaineann atá sé an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an duine, ó thaobh cosanta leanaí de, chun oibriú leis an leanbh nó leis na leanaí. Chuige sin, ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a mheabhrú nach bhfuil i ngrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ach gné amháin nuair a bhíonn an cinneadh sin á dhéanamh.

- Is gné riachtanach de dhea-chleachtas um chosaint leanaí iad seiceálacha cuimsitheacha ar oiriúnacht an duine agus is iad na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla atá freagrach astu. Ba cheart go n-áireofaí leo, bíodh is nach bhfuil siad teoranta dóibh, teistiméireachtaí a lorg agus a sheiceáil agus a chinntiú go dtugtar cuntas sásúil ar aon bhearnaí gan mhíniú atá i dtaifid fostaíochta nó i gcurriculum vitae an té sin. Níor chóir go nglacfaí le grinnfhiosrúchán in áit na seiceálacha sin ach ní mór é a úsáid mar chuid díobh.

- Tabhair faoi deara go gcaithfidh Foirm Dhearbhaithe Reachtúil agus Foirm Ghealltanais (Aguisíní 1 & 2 faoi seach den Fhoirm Iarratais ar Theagasc Baile ábhartha) a bheith ag gabháil le gach iarratas ar Theagasc Baile.

- Tá faisnéis iomlán do theagascóirí maidir leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán ar fáil ag: https://www.teachingcouncil.ie/Website/en/Vetting-Re-vetting/Guide-to-applying-for-Vetting-or-Re-vetting/Guide-to-applying-for-Vetting-or-Re-vetting.html

## 6. Cosaint Leanaí

Chuir an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, i bhfeidhm go hiomlán ón 11 Nollaig 2017, agus chuir sé sin bonn reachtúil faoi ghnéithe de Tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí. In Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017 tugtar cur síos ar na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le daoine sainordaithe amhail múinteoirí

cláraithe agus na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le heagraíochtaí (ar nós scoileanna) faoin Acht. Leagtar amach ann freisin na dualgais dea-chleachtais (neamhreachtúla) atá i bhfeidhm i gcás gach duine aonair (múinteoirí san áireamh) agus gach earnáil sa tsochaí. Feidhmíonn an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 taobh le taobh le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017).
Is féidir faisnéis faoi Chosaint Leanaí a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/cosaint-leanai-i-scoileanna-comhairle-do-thuismitheoiri/

Ós rud é go gcuirtear Teagasc Baile ar fáil lasmuigh de ghnáthstruchtúr na scoile, ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a bheith san airdeall ar rioscaí breise nó ar chontúirtí féideartha a bhaineann le teagascóirí a fhostú i socrú príobháideach. Tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a chinntiú go bhfuil gach cosaint chuí agus cosaint riachtanach maidir le cosaint agus leas leanaí i bhfeidhm maidir leis an socrú teagaisc. (Féach freisin Cuid 5 thuas maidir le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin).

- Ba chóir do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla iad féin a shásamh go bhfuil teagascóirí ar an eolas faoi riachtanais leighis nó iompraíochta a linbh.
- Tá sé de fhreagracht ar thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla gach seiceáil ábhartha a dhéanamh maidir le hoiriúnacht teagascóra ionchais chun oibriú lena leanbh/leanaí agus a chinntiú go bhfuil sé nó sí oiriúnach chun teagasc a thabhairt dá leanbh.

## 7. Treoir maidir le COVID-19 le cosc a chur ar scaipeadh COVID-19 le linn a bheith rannpháirteach i dteagasc baile

Tá treoir COVID-19 foilsithe ag an Roinn chun tacú le thuismitheoirí agus teagascóirí bearta a chur ar bun a chuirfidh cosc le scaipeadh COVID-19 le linn a bheith rannpháirteach sa teagasc baile. Tá an treoir seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie agus déanfar nuashonrú air má thagann athrú ar an gcomhairle sláinte phoiblí.

Tá sé d'aidhm ag an treoir seo sonraí a thabhairt maidir le:

- Comhairle ghinearálta le scaipeadh an víris a chosc
- Riachtanais Speisialta Oideachais
- Bearta rialaithe

Má bhíonn cúinsí eisceachtúla ann a chiallaíonn nach féidir le teaghlach leas a bhaint as teagasc baile mar gheall ar Covid-19 ceadóidh an Roinn teagasc a sholáthar trí chianfhoghlaim.
I gcúinsí dá leithéid déanfar maoiniú a eisiúint le haghaidh gach uair an chloig de theagasc a chuirfear ar fáil trí chianfhoghlaim nó ríomhfhoghlaim.

## 8. Nósanna Imeachta maidir le hÍocaíocht Deontais

- Is trí shocrú príobháideach a fhostaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla teagascóirí chun Teagasc Baile a sholáthar. Tá na híocaíochtaí a dhéantar le teagascóirí thar ceann tuismitheoirí faoi réir asbhaintí reachtúla ag an bhfoinse. Ní fheidhmíonn an Roinn ach mar ghníomhaire párolla thar ceann na dtuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla. Tá sé seo ann le comhlíonadh na bhforálacha reachtúla ó thaobh asbhaintí, lena n-áirítear forálacha cánach agus forálacha gaolmhara, a éascú.

- Leagtar amach na Rátaí Deontais um Theagasc Baile in **Aguisín A**.

- Íocfaidh an Roinn an Deontas Teagaisc Baile go díreach leis an teagascóir faofa.

- <u>Níor chóir do thuismitheoirí tús a chur</u> le Teagasc Baile go dtí go bhfaighidh siad litir ceadaithe deontais ón Roinn ag deimhniú go gcomhlíonann siad téarmaí agus coinníollacha na scéime agus dáta tosaithe an chúnaimh deontais.

- Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/do chaomhnóirí dlíthiúla nach ndéanfar íocaíochtaí um theagasc baile a shiardhátú.

- Ní mór don tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a rinne iarratas ar theagasc baile Foirm Éilimh Íocaíochta a chomhlánú. Ní mór don tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil agus don teagascóir araon an fhoirm éilimh a chomhlánú agus a shíniú ag deireadh gach míosa inar cuireadh teagasc ar fáil. Tá an fhoirm éilimh íocaíochta ar fáil ag www.education.ie. Féadfar an síniú a sholáthraíonn an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil a úsáid lena fhíorú.

- Má dhéantar dearbhú bréagach chun acmhainní a éileamh ón Roinn féadfaidh an Roinn an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána agus, más cuí, chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

- Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla chomh maith le teagascóirí deimhin a dhéanamh go dtuigeann siad go hiomlán an chaoi a n-eiseofar an deontas faoin Scéim seo sula gcuirfear aon teagasc ar fáil. Tá nóta faisnéise íocaíochta mionsonraithe ar leith ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla ar shuíomh gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/seirbhis/96266a-none/

- Meabhraítear do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nár cheart dóibh, i gcás ar bith, íocaíochtaí a dhéanamh le teagascóirí le haghaidh teagaisc a chuireann siad ar fáil faoin scéim seo.

- Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do theagascóirí a nótáil, freisin, go gcuirtear sonraí airgeadais i dtaca leis an scéim seo ar aghaidh go dtí na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain faoin reachtaíocht reatha, toisc go bhfuil íocaíochtaí as teagasc baile inríofa do chúiseanna cánach.

### Mar a íoctar an deontas

Tá nóta faisnéise íocaíochta mionsonraithe ar leith ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla ar shuíomh gréasáin na Roinne ag https://www.gov.ie/ga/seirbhis/96266a-none/

### Nithe eile a bhaineann le híocaíochtaí um Theagasc Baile:

D’fhonn cloí leis an reachtaíocht reatha, ní mór na hUimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a bhaineann le gach duine (an leanbh, an tuismitheoir (na tuismitheoirí)

nó caomhnóir dlíthiúil (na caomhnóirí dlíthiúla), agus an teagascóir (na teagascóirí) ) a sholáthar le gur féidir íocaíocht a mheas.

## 9. Eolas Ginearálta

- Beidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla an Fhoirm Iarratais ábhartha a líonadh isteach agus iarrtar orthu aird ar leith a thabhairt ar na doiciméid/eolas a bheidh ag teastáil. Ba chóir a nótáil nach mbeidh ceadú ar fáil ach amháin nuair a chuirfear críoch iomlán leis an bpróiseas iarratais, rud a tharlaíonn nuair a eisítear litir cheadaithe a dheimhníonn dáta tosaigh an teagaisc.

- I gcásanna áirithe, nuair nach bhfuil aon teagascóir ainmnithe ag an iarratasóir, eiseofar litir incháilitheachta chuig an iarratasóir go dtí go bhfaighfear sonraí an teagascóra. Mar sin féin, ní féidir tús a chur le teagasc go dtí go mbeidh teagascóir ainmnithe ag an iarratasóir, na doiciméid ábhartha faighte ag an Roinn agus ceadú iomlán eisithe i scríbhinn chun tús a chur le teagasc.

- Tá an Deontas um Theagasc Baile ann le haghaidh idirghabhálacha teagaisc oideachasúla amháin. Caithfear dul i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) má tá seirbhísí teiripeacha ar nós Teiripe Urlabhra agus Teanga, Teiripe Shaothair, seirbhísí síceolaíochta srl. le cur ar fáil. Ní ceadmhach i gcúinse ar bith maoiniú do Theagasc Baile a úsáid do sheirbhísí den sórt sin. Maidir leis sin, forchoimeádann an Roinn an ceart aici féin measúnú a dhéanamh ar an soláthar oideachais atá á chur ar fáil mar chuid den mhaoiniú atá á sholáthar agus déantar na huaireanta go léir a cheadú faoi réir an choinníll seo.

- Tabhair faoi deara go nglactar le hiarratais ar Theagasc Baile ar an tuiscint go bhféadfar an t-eolas a chuirfear ar fáil, lena n-áirítear Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) a roinnt le FSS, TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Oideachais (ROS) ar chúiseanna sonraithe agus chun a chinntiú nach ndéanfar dúbláil ar mhaoiniú.

- Ní féidir uaireanta teagaisc nár úsáideadh i seachtain amháin a aistriú go seachtain eile. Meabhraítear go háirithe do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla go gcaithfear aird a thabhairt ar an teorainn seachtainiúil seo atá le teagasc agus níor cheart do theagascóir an teorainn sin a shárú le scoláire ar bith. Ba cheart go mbeadh Teagasc Baile ag teacht leis an lá scoile agus a sholáthar idir na huaireanta 9am – 6 pm. Mar sin, níor chóir go mbeadh Teagasc Baile ann le linn laethanta saoire scoile, laethanta saoire bainc nó deirí seachtaine.

- Baineann gach tagairt do "scoileanna" nó "socrúcháin scoile" le scoileanna atá aitheanta faoi Alt 10 (3) den Acht Oideachais 1998.

- Faoin gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), tá gach leanbh incháilithe i bPoblacht na hÉireann i dteideal dhá bhliain cláir iomlán de chúram agus d'oideachas luath-óige a fháil saor in aisce le linn na tréimhse sula dtosaíonn siad sa bhunscoil. D'fhonn tacú le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar oideachas luathbhlianta saor in aisce, tugadh isteach mórchlár tacaí, an tSamhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM). Is clár tacaí é an tSamhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM) atá deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gClár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha agus gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam luathbhlianta in éineacht lena bpiaraí. Is féidir sonraí breise a fháil ag https://aim.gov.ie/ga/

- Is ar thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla atá an fhreagracht as socrúchán scoile a lorg agus leanbh a chlárú sa scoil ina dhiaidh sin. Ach má tá comhairle ag teastáil ó thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla nó má tá deacrachtaí acu socrúchán scoile a aimsiú, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh lena nEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil. Tá sonraí teagmhála maidir le d'ERSO áitiúil ar fáil ar www.ncse.ie. Ní bheidh Teagasc Baile ar fáil má bhíonn socrúchán scoile aitheanta ag CNOS. Ar an gcaoi chéanna, **ní chruthófar incháilitheacht faoin scéim seo má mhainnítear leanbh a chlárú i scoil.**

- B’fhéidir go mba mhaith le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla féachaint freisin ar “Starting School - Guidelines for Parents/Guardians of Children with Special Educational Needs” – foilseachán atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta – www.ncse.ie.

- Má dhiúltaíonn scoil leanbh atá os cionn 4 bliana d'aois a chlárú, tá sé de rogha ag tuismitheoir achomharc ar dhéanamh ar an diúltú lena leanbh a chlárú faoi alt 29 den Acht Oideachais má bhíonn socrúchán ar fáil sa scoil. B’fhéidir nach mbeidh Teagasc Baile ar fáil mura ndéanfar achomharc faoin diúltú leis an leanbh a chlárú.

- Tabhair faoi deara, sa chás nár ghlac leanbh le socrúchán a bhí ar fáil dó/di, nach mbeidh siad incháilithe ar sholáthar ar bith faoin Scéim Deontais um Theagasc Baile ag pointe ar bith i gcaitheamh na bliana acadúla.

- Más mian le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla socrú grúpa a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla eile leanaí ar ceadaíodh teagasc baile dóibh, nó más mian leo leas a bhaint as socrú grúpa a bhfuil comhaontú reatha déanta ina leith leis an Roinn seo, caithfidh siad fógra a thabhairt roimh ré don Rannóg Oideachais Speisialta le faomhadh a fháil chuige.

- Ní mór do scoláirí atá ag gabháil don staidéar ar ábhair do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit a léamh go cúramach maidir le hobair chúrsa phraiticiúil. Tá na hábhair a bhfuil obair chúrsa phraiticiúil ag baint leo liostaithe ag https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=ex&sc=he. Mura gcomhlíonfar riachtanais Choimisiún na Scrúduithe Stáit, b’fhéidir nach mbeidh an scoláire in ann na marcanna go léir atá ar fáil don ábhar a bhaint amach.

## Ról na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhthéacs na Scéime um Theagasc Baile:

I gcomhthéacs iarratas a dhéantar faoin Scéim Deontais um Theagasc Baile, is é ról CNOS a dheimhniú nach bhfuil áit ar fáil do leanbh i suíomh scoile. Más rud é go

mbeidh áit i rang speisialta nó i scoil speisialta de dhíth féadfaidh an ERSO comhairle a chur ar thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla dá réir.

### Má bhíonn Socrúcháin ar Fáil le linn na Scoilbhliana 2021/22:

Féadfaidh sé tarlú go mbeidh áiteanna ar fáil i ranganna príomhshrutha, i ranganna speisialta agus/nó i scoileanna speisialta ag pointe ar bith le linn na scoilbhliana. I gcás ina bhfuil leanbh os cionn 3 bliana d'aois ag fáil maoinithe tríd an Scéim Deontais um Theagasc Baile, agus go mbíonn áit ar fáil, cuirfidh an ERSO in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla na leanaí uile i scoilcheantar na scoile, agus don Roinn Oideachais, go bhfuil áiteanna dá leithéid ar fáil anois.

Beidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil maoiniú deontais do theagasc baile á fháil acu fianaise a sholáthar don Roinn go ndearna siad iarracht chun áit(eanna) atá ar fáil a fháil. Cuirfear deireadh le maoiniú do theagasc baile i gcás ar bith nach gcuireann an tuismitheoir isteach ar a leithéid de shocrúcháin.

Le go mbeidh an deontas um theagasc baile in ann leanúint ar aghaidh, ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla a bheith in ann a thaispeáint don Roinn go ndearnadh a leithéid d'iarratais laistigh de 3 seachtaine ó fhógra a bheith faighte acu ón ERSO agus nár éirigh leis an iarratas ar chlárú sa scoil.

Sa chás go n-éiríonn le hiarratas an tuismitheora ar chlárú, féadfaidh an Roinn machnamh a dhéanamh, ar iarratas, go leanfaidh an Teagasc Baile ar aghaidh ar feadh tréimhse sainithe agus ar bhonn laghdaithe chun tacú leis an leanbh aistriú chuig an socrúchán nua má mheastar go bhfuil síneadh dá leithéid ar an soláthar riachtanach. Beidh sé seo ag brath go hiomlán, áfach, ar an leanbh a bheith cláraithe sa scoil.

## 10. Fiosruithe agus Achomhairc

### Is féidir fiosruithe maidir le hÉilimh agus Íocaíochtaí um Theagasc Baile a chur chuig:

Riachtanais Speisialta agus Deontais Teagaisc, An Roinn Oideachais, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X659

Uimhir Theagmhála: 090 648 3996

Seoladh r-phoist: htpayments@education.gov.ie

Is féidir achomhairc maidir leis an Scéim Deontais um Theagasc Baile a sheoladh chuig:

Is féidir achomhairc maidir le cinntí faoin Scéim Deontais um Theagasc Baile a sheoladh i scríbhinn chuig an seoladh thíos, agus an Uimhir Thagartha um Theagasc Baile á lua, mar aon le hachoimre ar na cúiseanna atá leis an achomharc agus doiciméid nó tuarascálacha breise, de réir mar is cuí.

Aonad Teagaisc Baile, Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X659
Uimhir Theagmhála: 090 648 4187
Seoladh r-phoist: special_education@education.gov.ie
Seoladh r-phoist: htpayments@education.gov.ie

Eddie Ward
Príomhoifigeach
Rannóg Oideachais Speisialta

Iúil 2021

## AGUISÍN A

## An Scéim Deontais um Theagasc Baile

### Rátaí Deontais:

Tá dhá ráta ann don Deontas Teagaisc Baile bunaithe ar cháilíochtaí na dteagascóirí a fhostaíonn Tuismitheoirí - an ráta caighdeánach agus an ráta modhnaithe.

Féadfar rátaí deontais a athrú ó am go chéile. Is iad seo a leanas na rátaí infheidhme:

### An Ráta Deontais Caighdeánach um Theagasc Baile:

Do mhúinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bhíonn

Scoláire bunscoile á theagasc ag Bunmhúinteoir Cáilithe:
€ 39.09 in aghaidh gach uair a oibrítear.

Scoláire iar-bhunscoile á theagasc ag Múinteoir Iar-bhunscoile Cáilithe:
€ 47.01 in aghaidh gach uair a oibrítear.

### An Ráta Deontais Modhnaithe um Theagasc Baile:

Múinteoirí nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta mar mhúinteoirí cáilithe san earnáil ina bhfuil an teagasc á sholáthar, gheobhaidh siad an ráta modhnaithe íocaíochta. Múinteoirí atá cláraithe agus cáilithe agus a bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil acu, gheobhaidh siad an íocaíocht mhodhnaithe.

Ráta modhnaithe: € 35.14 in aghaidh gach uair a oibrítear.

**Tabhair faoi deara go bhféadfadh na rátaí deontais seo a bheith faoi réir ag athruithe i gcaitheamh na bliana, agus dá bhrí sin, go mbraithfidh an ráta deontais iníoctha ar an ráta atá i bhfeidhm don tréimhse a ndéantar an t-éileamh ina leith.**

**Arna eisiúint ag:** Rannóg Oideachais Speisialta
**Dáta Eisiúna:** Iúil 2021